

**Scoil Naomh Éanna
Baile Uí Chonbhaí**

Plean Scoile

Gaeilge

Scoil Naomh Éanna
Baile Uí Chonbhaí
Plean Scoile
Gaeilge

Réamhráiteas

Tá an scéim seo curtha le chéile ag Foireann Scoil Náisiúnta Baile Uí Chonbhaí, ar an t-ochtú lá fiched de mhí Bealtaine 2003. Tá sé bunaithe ar Threorlínthe do Mhúinteoirí agus Teanga, an dá leabhar ar an ábhar Gaeilge i gCuracalam na Bunscoile agus ar ár gcleachtadh féin mar mhúinteoirí Gaeilge sa scoil seo. Is ar usáid na Gaeilge mar ghnáth-theanga beo cumarsáide a leagtar béim sa phlean seo.

Rationale

Seo iad na príomhchúiseanna leis an bplean seo:

- Chun an curaclam a chur i bhfeidhim
- Chun cumas cumarsáide na bpaistí a fhorbairt
- Chun go mbeadh leanúnachas ann ó rang go rang
- Go mbeadh cur chuige aontaithe i measc na múinteoirí uile
- Go bhfreastalódh an plean seo mar fhoinsé do mhúinteoir sealadach a thagann isteach sa scoil ó am go ham
- Chun an t-oideachas Ghaeilge is fearr a chur ar fáil do na páistí
- Chun an cultúr ghaelach a chur ina luí ar an dalta

An Plean i gComhthéacs na Scoile seo

Scoil mheaseartha mhór tuatha is ea Scoil Naomh Éanna. Tá sé sheomra ranga againn. Tá múinteoir achmainí ag freastail na scoile seo chomh maith le múinteoir tacaíochta chun foghlama. Níl bua faoi leith ó thaobh na gaeilge de ag an bhfoireann ach tá suim acu sa teanga ach an oiread. I ndáiríre is beag suim atá ann i measc na dtuismitheoirí sa cheantar seo ach tá bá ann di go ginearálta. Déanaimid gach iarracht mar mhúinteoirí feasacht teanga agus feasacht cultútha a chothú i measc na bpaistí. Bainfear úsáid as Gaeilge go neamhfhoirmiúil chomh minic agus is féidir i rith an lae. Bíonn imeachtaí a bhaineann le cultúr na Gaeilge ar siúl taréis scoile gach seachtain.

Muna dtugann na tuismitheoirí tacaíocht do na páistí, is cuma chomh lag is atá a nGaeilge féin, ní éireoidh go maith lena bpaistí. Ní ar na múinteoirí amháin atá an freagarthacht.


Aidhmeanna

Is iad príomhaidhmeanna an churaclam Ghaeilge atá roghnaithe againn ná:

- Úsáid na Gaeilge mar ghnáth – theanga chumarsáide a chur chun cinn
- Dearcadh dearfach i leith na Gaeilge agus spéis agus dúil inti a chothú
- Taitneamh a bheith le baint as foghlaim na Gaeilge
- Cumas éisteachta agus labhartha an pháiste a fhorbairt agus a m(h)uinín chun an Ghaeilge a úsáid a chothú
- Cumas léitheoireachta agus scríbhneoireachta an pháiste a chothú ag leibhéal a oireann dó/di féin agus don chineál scoile
- Éisteacht, labhairt, léitheoireacht agus scríbhneoireacht a fhorbairt ar bhealach comhtháite
- Feasacht teanga agus feasacht cultúir a chothú
- Cúram a dhéanamh d’fhorbairt shóisialta, chognaíocht, mhothúchánach, shamhlaíocht agus aeistéitiúil an pháiste
- Cur le líofacht, le cruinneas foghraíochta agus le saibhreas teanga an pháiste

Curaclam na Gaeilge

Cur Chuige Cumarsáideach



Réamhchumarsáid

Spreagadh
Múscailt suime
Ionchur teanga ón múinteoir
Aithris agus athrá
Cleachtadh
Cluichí gramadaí
Gníomhaíochtaí faoi threoir

Cumarsáid

Tascanna le déanamh
Cluichí cumarsáide
Rólanna I suímh réalaíocha agus insamhlaithe
Idirghníomhú sóisialta
Drámaíocht, sceitsí, seiftiú
Plé, díospóireachtaí
Saorúsáid na teangs

Iarchumarsáid

Féachaint siar
Cleachtaí gramadaí
Anailís na teanga
Traschur eolais go tascanna eile
Cluiche grease
Féachaint ar aghaidh

Feidhmeanna Teanga

Os rud é go bhfuil an Gaeilge mar dara theanga ag gach pháiste sa scoil seo breacaimid síos anseo na fo-ranna a bhaineann le Feidhmeanna Teanga in ár scoil.

- ❖ Caidreamh sóisialta
- ❖ Soiléiriú a lorg i gcomhrá
- ❖ Dul i gcionn ar dhaoine eile
- ❖ Dearcadh a léiriú agus a lorg
- ❖ Eolas a thabhairt agus a lorg
- ❖ Struchtúr a chur ar chomhrá.
- ❖ Tá gach sampla a bhaineann le na feidhmeanna teanga seo le fáil sa Leabhar Churaclam 18-26
- ❖ Tá cuid acu roghnaithe againn agus leagtha amach de réir ranga.
(Féach Aguisín 1)

Snáitheanna an Churaclaim

Labhairt

Tá béim an-láidir á cur ar labhairt na Gaeilge sa churaclam. Cumas cumarsáide an sprioc is tabhachtí atá le baint amach ag an bpáiste. Tá sé thar a bheith tábhachtach go mbeidh muinín ag an bpáiste as a chumas cainte féin. Cuirfidh an iomad ceartúchain isteach go mór ar an easpa muiníne sin. An fhad is atá brí na cainte sách soiléir is ceart glacadh leis. Is féidir níos déanaí aithbhreithniú a dhéanamh ar chursaí gramadaí agus múineadh foirmúil a dhéanamh leis an rang go léir. Cruthófar gá le Gaeilge i bhfoirm cluichí teanga, rólghlachadh, drámaíocht, nuacht an lae srl. Ach thar gach rud eile, déanfar gach iarracht ar chumarsáid a mhealladh agus a mholadh.

Léitheoireacht

Bhí an-bhéim i gcónaí ar léitheoireacht i múineadh na Gaeilge. Tá sé tábhachtach go mbéadh saibhreas ábhar prionteálta sa timpealleacht, cártaí ag ainmniú troscán, baillaí, suíocháin, póstaerí, obair na bpáistí srl. Ba chóir go mbeadh dlú cheangailt idir na fógraí srl. seo agus an obair atá idir lámha. Ní thosófar ar léitheoireacht foirimiúl sa Ghaeilge go dtí Rang a Dó ach tugtar aire mhaith do na scileanna réamhléitheoireachta go léir sna bunranganna. Ina measc treoshuíomh clé-deas, aithint patrún, meaitseáil focal agus pictiúr. Tá an bhaint ag léitheoireacht an mhúinteora as "Leabhair Móra" sa chóras ullmhúchain seo. Tá tábhacht ag baint le seo freisin ins na hard ranganna. Nuair is

féidir le páiste an téacs a léamh agus a thuiscint is mór an cabhair an téacs a úsáid mar fhoinse cumarsáide, nó mar fhoinse stórfocal a bhailiú, nó ceisteanna a fhreagairt faoin téacs. Ní aonad amháin an Léitheoireacht ach tá sí fite fuaite le Scríobhneoireacht, Labhairt, Éisteacht srl. Leanfar an próiseas léitheoireachta atá leagtha amach sna Treoirínte (Lch 131 - 132)- Reámhleitheoireacht - léitheoireacht – iarléitheoireacht **Aguisín 2 - Plean foghraíochta**

Scríobhneoireacht

Tosófar ar scríobhneoireacht sa Ghaeilge i rang a Dó. Cabhróidh na cleachtaithe réamhscríobhneoireachta sa Bhéarla go mór le seo. Tosaíonn scríobhneoireacht le cóipeáil frásaí agus abairtí simplí bunaithe ar na teamai, nuacht phearsanta, cártaí srl. Sna ranganna ina déantar scríobhneoireacht go foirmiúil cuirfear an bhéim ar giotaí gairide a mbeidh dlúth-bhaint acu le saol an pháiste. Cuirfear ar chumas an pháiste ailt, scéalta beaga, litir, cártaí poist srl. a scríobh. Tá sé thar a bheith tábhachtach go mbéadh ullmhú ceart déanta roimhré maidir le stór focail, phrasaí riachtanacha, srl. Ba chóir go mbéadh an scríobhneoireacht indéanta agus mar thoradh fóna ar an obair atá réamhdhéanta i labhairt agus léamh agus éisteacht. Ba chóir go mbéadh sé gairid, in oiriúnt do chumas an pháiste. Tugtar gach deis don pháiste athdhréachtú a chur ar a cuid scríobhneoireachta agus seans a thabhairt dóibh a gcuid oibre a fhoilsiú ó am go ham. Leanfar an próiseas scríobhneoireachta atá leagtha amach sna Treoirínte (Lch 140 – 143).

Éisteacht

Tá an bhéim curtha sna laethanta seo ar thábhacht na héisteachta i sealbhú teanga. Bíonn an páiste ag éisteacht i bhfad sar a léann sí/sé focal mar an gcéanna leis an scríobh. Tuigimid do sin sa scoil seo agus déantar iarracht sa mhéid is féidir obair bhéil a dhéanamh. Bhféidir nach dtuigfidh na daltaí gach focal ach níl sin riachtanach ná indéanta. Chabhrófar leo an bhrí a thuiscint le cabhair geastsaí, comhthéacs, orduithe, toin chainte. Cuirfear béim ar thábhacht na héisteachta i ngach rang agus ar gach leibhéal sa scoil. Tá sé thar a bheith tábhachtach go mbéadh cumas éifeachtúil urlabhartha ag an oide féin agus i dteannta sin is féidir úsáid tairbheach a bhaint as ábhar taifeadta chomh maith; dlúthdhioscaí, amhráin, dánta, sliochtanna as drámaí simplí srl. **(Féach Aguisín 3)**

Comhtháthú na snáitheanna

Déanfar na snáitheanna a chomhtháthú lena chéile de ghnáth sa cheacht Gaeilge. Is féidir é sin a dhéanamh trí na gníomhaíochtaí ata luaite faoi na snaitheanna san ábhar teagaisc agus foghlama.

Téamaí, Straitéisí agus Modhanna Múinte

Téamaí

Seo iad na deich gcéimeanna ag gabháil leis an gcuraclaim sa Ghaeilge:

Mé féin
Sa bhaile
An scoil
Bia
An teilifís
Siopadóireacht
Caitheamh Aimsire
Eadaí
An Aimsir
Ócáidí Specialta

Leanfar na téamaí thuas luaite i ngach rang gach bliain. Déanfar gach iarracht a chinntiú go bhfuil éagsúlacht sna fó-théamaí thuas trí na ranganna ar fad sa scoil.

(Féach Aguisín 4)

Straitéisí

Úsáidfeadh straitéisí éagsúla chun cumas cumarsáide an pháiste a fhorbairt sa scoil seo:

- ❖ Cluichí teanga (**Féach Aguisín 5**)
- ❖ Tascanna agus fadhbanna
- ❖ Drámaíocht
- ❖ Agallaimh
- ❖ Físeáin
- ❖ Scéalaíocht
- ❖ Filíocht, rainn, dánta, amhráin (**Féach Aguisín 6**)
- ❖ Rabhlóga, seanfhocail, tomhais

- ❖ Teilifís (TG 4)
- ❖ Druileanna
- ❖ Corpoideachas a mhúineadh trí mhéan na Gaeilge (ar trial scoil bliana 06/07)
- ❖ Teicneolaíocht an eolais
- ❖ Plé agus Diospóireacht
- ❖ Frása na Seachtaine (clárfógra sa halla)

Modhanna Múinte

Usáidfeadh na múinteoirí an réimse iomhán modhanna ina gcuid muinteoireachta féin i rith na bliana. Is iad na sé mhodh is suntasaí ar féidir úsáid a bhaint astu ná:

- An modh díreach
- Modh na sraithe
- Modh na lánfhreagartha gníomhaí
- An modh closlabhartha
- An modh closamhairc
- Modh na ráite

Gaeilge Neamhfhoirmiúil

Úsáidtear an Ghaeilge go neamhfhoirmiúil chomh minic agus is féidir mar thaca le foghlaim fhoirmiúil eiseamláirá na bhfeidheamma teanga. Beidh an páiste in ann éisteacht leis na múinteoirí ag comhlíonadh riachtanais cumarsáide, ag beannú, ag fágáil slán, ag cur ceiste srl. Beidh na páistá féin in ann teachtaireachtaí simplí, ceadanna a iarraidh agus cabhair a lorg as Gaeilge.

Is féidir aire na ndaltaí a dhíriú ar na fógraí agus foirmeacha Gaeilge sa timpeallacht. I Tesco tá ainmneacha na n-earraí as Gaeilge. Chomh maith le sin tá comharthaí bóthair agus logainmneacha na h-áite mar fhoinse eolais do Ghaeilge neamhfhoirmiúil.

Má úsáidtear an Ghaeilge taobh amuigh den rang Ghaeilge tuigtear do na páistí gur teanga beo í a bhfuil éifeacht ag baint léi sa ghnáthchaidreamh agus chumarsáid. Cabhróidh seo leo dul i seilbh ar an dteanga le tuiscint on gcomhthéacs, ceann de na modh múinte is éifeachtaí a bhfuil againn.

(Féach Aguisín 7)

Pleanáil Eagraíochta

Pleanáil an Mhúinteora

Os rud é gur scoil ilranganna é den chuid is mó caithfear é seo a thabhairt san áireamh ó thaobh pleanála de. Tá athraithe ag tarlú ó bhliain go bhliain. Caithfear súil a choineáil ar na sráithe in úsáid ó thaobh leanúnachas agus caighdeán de. Caithfear gach scéim bliana na gnéithe seo a thabhairt san áireamh:

- cur chuige cumarsáideach
- feidhmeanna teanga
- eagar an ranga
- snáitheanna
- comhtháthú
- na téamaí difriúla
- Gaeilge neamhfhoirmiúil
- leanúnachas
- measúnu
- áiseanna.

Pleanáil Fadthéarmach

Ullmhaíonn gach oide an scéim bliana dá ghrúpa féin bunaithe ar a bhfuil leaghta amach sa phlean scoile. Tugtar aire faoi leith go mbeidh cothromaíocht idir éisteacht, labhairt, léitheoireacht agus scríbhneoireacht. Ní hionann san is a rá go dtugtar an méid chéanna ama do na snáitheanna! Beidh an príomh-bhéim i gcónaí ar an teanga labhartha, ar chluichí teanga, ar dhánta, ar chur síos ar an téacsanna, nuacht an lae, agus ar úsáid na Gaeilge i seiftiú ag leibhéal indéanta ag na páistí. Tá sé tábhachtach go mbíonn eolas ag gach múinteoir ar a bhfuil sa scéim scoile agus bíonn cóip ar fáil ar an ríomhaire scoile. Úsáidfear an cuntas miosúil chun cabhrú linn an plean a leasú ó bhliain go bliain.

Pleanáil Ghearrthéarmach

Is féidir rogha a bheith ag na múinteoirí anseo pé slí a oireann dóibh: nótaí seachtaine nó coicise nó míosúla a ullmhú nó bhféidir téama faoi leith a roghnú agus nótaí a ullmhú d'obair míosa nó coicise. Braitheann sé ar riachtanaisí an ranga agus cad a oireann don rang. Dar ndoidh caithfear aire a thabhairt go dtabharfar cothrom do na ceithre snáitheanna.

Sin ráite, caithfidh gach muintéoir Cúntás Míósúil a scríobh agus bíonn cóip ar fáil san oifig.

Áiseanna

“Maith Thú” agus “Treo Nua” an dá sraith atá in úsáid ar fud na scoile. Tá réimse leathan d’áiseanna teagaisc agus foghlama ag gabháil leis na sraitheanna thuas seachas an buntéacs féin – dlúth dhioscaí, póstaer agus cártaí múinteora.

Seo liosta áiseanna eile ar fáil sa scoil (www.pfsp.ie)

- Leabhar leabharlanna
- Leabhar filíochta
- Fístaifeadán
- Teilifís / físeán
- Ríomhaire i ngach seomra ranga
- Bailiúchán bréagáin agus sean-éadaí
- Pictuírí agus póstaer
- Puipéidí
- Raidió
- Cártaí
- Lipéidí

Tá sé ar intinn againn níos mó leabhair a cheannach don leabharlann.

D’fhéadfaimís úsáid a bhaint as teicneolaíocht chun chabhrú linn chomh minic agus is féidir.

D’fhéadfaimís bhéidir, an scríobhnóireacht a chlóschríobhadh ar an ríomhaire agus tá D.Ds agus DVDs ag teacht ar an mhargadh faoi láthair. Is féidir linn súil géar a choiméad ar seo agus ar ndóidh ar an háiseanna nua atá á chur amach ag an Foilsitheoirí faoi láthair. Tá tacaíocht maith ar fáil ó TG4 chomh maith agus úsáidfear seo nuair a fheileann sé.

Éagsúlacht Cumais

Bíonn éagsúlacht cumais i ngach aon rang agus tugann na múinteoirí é seo san áireamh ina gcuid pleanála agus úsáidfear straitéisí éagsula chun cabhrú leo, mar shampla –

- Gach dalta ag déanamh an taisec céanna ach de réir a chumais féin
- Tascanna difriúla/mím, gníomh, teanga simplí, teanga níos casta
- Tasc nach bhfuil ach aon cainteoir laidir teastáil. Is féidir le na daoine eile é/ í a fhreagairt nó pictiúr a líonadh isteach
- Obair bheirte. Is féidir an dalta is fearr a roghnú chun na treoracha a thabhairt ar dtús. Ansin, is féidir leis an dara dalta treoracha níos simplí a thabhairt.
- Is féidir pictiúir a léamh seachas téacs. Is féidir éisteacht le scéalta seachas iad a léamh.

Sé an príomh-aidhm i gcónaí go mbraiteann gach dalta, go bhfuil sé/ sí ag dul ar aghaidh agus ag feabhsú. Tuigfidh an múinteoir go bhfuil seo ag tarlu de réir chumais an dalta. Ní choir go dtuigfidh an dalta go bhfuil “éagsúlacht cumais” i gceist.

Bainfear úsáid as na straitéisí seo a leanas:

- Breis prionta sa timpeallacht i ngach rang agus ar fud na scoile, lipéidí agus araile.
- Am rolla
- Teachtaireachtaí ó rang amháin go rang eile
- Treoracha laethúil sa rang
- Cluichí a imirt trí mhéan na Gaeilge
- Úsáidfear Gaeilge go neamhfhoirmiúil i rith an lae taobh amuigh den cheacht Gaeilge
- Tá sé ar intinn againn tús a chur le “Frása na Seachtaine” sa scoil.
- Aire na ndaltaí a dhíriú ag úsáid an Gaeilge sa timpeallacht (Tesco, comharthaí bothair)

I gcás na páistí a thógtar amach ón rang chun freastal ar mhúinteoir tacaíochta / achmainní, tá sé mar pholasaí againn sa scoil gan iad a thógairt amach den ábhair chéanna gach lá. Tá páistí ann a bhfuil díolúine ón nGaeilge acu. Glacann said páirt sa cheacht Ghaeilge ar an iomlán, ach ní cuirtear aon bhrú orthu Gaeilge a fhoghlaim go foirmiúil.

Comhtháthú le hÁbhair eile

Ní hionann seo le rá go mbíonn orainn bheith i gcónaí ag faire amach ar shlí chun Gaeilge a shníomh isteach i ngach uile ceacht! Tá ábhair faoi

leith agus oireann comhtháthú dóibh, ina measc corpoideachais, ceol, ealaín, gnéithe éigin de eolas imshaoil, stair (logainmneacha srl.) agus timpeallacht (caiseal, dún, cill). Ar uairibh bhéadh sé suimiúil beagáinín Gaeilge a thabhairt isteach i matamaitic (triantán, cearnóg srl). Cabhróidh sé seo go mór le feabhsú stór focal agus tabharfaidh sé caoi do na daltaí a thuiscint go bhfuil saol eile ag an nGaeilge lasmuigh den rang Gaeilge amháin! Déanfáimid iarracht ar leith corpoideachas a úsáid chun an Ghaeilge a chothú agus a fheabhsú. Tá sé ar intinn againn triail a chur i bhfeidhm sna hardranganna i dtús báire.

Measúnú ar Fhoghlaim na bPáistí

Is fiú measúnú leanúnach a dhéanamh ar na scileanna teanga go léir ionas go mbeidh an múinteoir in ann an dalta a mheas agus pleanáil chuí a dhéanamh.

Ar na h-uirlisí measúnaithe a úsáidtear sa scoil seo tá:

- ❖ Dírbhreathnú an mhúinteora ar an bpáiste
- ❖ Tascanna agus trialacha deartha ag an múinteoir
- ❖ Bailiúcháin d'obair an pháiste
- ❖ Scrúdaithe

Déantar measúnú ar dhul chun chinn na bpaistí trí na h-uirlisí measúnaithe seo:

- Dírbhreathnú an mhúinteora ar an bpáiste
- Tascanna agus trialacha deartha ag an múinteoir
- Bailiúchán d'obair an pháiste

Obair Bhaile

Tugtar obair bhaile oiriúnach sa Ghaeilge. Tá an bhéim chéanna ar éisteacht, labhairt, léitheoireacht agus scríbhneoireacht. Ni bhíonn an obair bhaile chéanna ag gach páiste sa rang, mar shampla, na páistí a bhfuil shaoradh ón Gaeilge.

Forbairt foirne

Is fíor a rá go bhfuil tacaíocht dearfach ann ag foireann mhúinteora na scoile do na hathraithe atá á chur i bhfeidhm sa churaclam Gaeilge. Toisc go bhfuil an béim anois leagtha ar an nGaeilge mar theanga

chumarsáideach caithfear níos mó spéise a thabhairt ar labhairt na Gaeilge. Ciallaíonn sé seo go gcaithfear na múinteoirí iarracht ar leith a dhéanamh feabhas a chur ar a nGaeilge féin ó thaobh cómhra de. Ní haon dóithín an obair seo. Tá sé geallta mar fhoireanna mhúinteora go ndéanfar gach iarracht labhairt as Gaeilge chomh minic agus is féidir.

Cur i bhFeidhm

Tá gach múinteoir freagrach as ucht na gnéithe difriúla den churaclam nua Gaeilge a chur i bhfeidhm ina rang féin. Cuirfear fios freisin ar na tuismitheoirí faoin a bhfuil ar súil sa scoil maidir leis na modhanna nua seo agus iarrfar a gcabhair agus a gcomhoibriú. Is cúrsa nua, le dearcadh nua agus béim difriúil ar mhúineadh na Gaeilge í seo, agus ba chóir go mbeadh an méid eolais agus is féidir ag na tuismitheoirí chun a bpáirt a ghlacadh in oideachas a bpáistí féin.

Cuirfear an plean seo i bhfeidhm Meán Fomhair 2006 tar éis é a bheith glactha ag an mBord Bainistíochta.

Athbhreithniú

Os rud é gur scoil ilranganna é den chuid is mó caithfear é seo a thabhairt san áireamh ó thaobh pleanáil de. Tá athraithe ag tarlú ó bhliain go bliain. Caithfear súil a choineáil ar na snáitheanna in úsáid ó thaobh leanúnachas agus caighdeán de.

Déanfar meastóireacht agus athbhreithrú ar an bplean seo Mí Mheithimh ag deireadh na scoil bhliana 06/07. Beidh an fhoireann ar fad i láthair agus feáchfar ar conas ar éirigh leis an bplean. Déanfar pé athruithe a bheadh oiriúnach i dtreo is go gcuirfidh sé an Ghaeilge chun cinn sa scoil.

Daingniú agus Cumarsáid

Chuir an Príomhoide agus múinteoirí an scoile an plean seo le chéile agus bhí sé glactha ag Bord Bainistíochta _____
ar an _____ 05

Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta _____

Beidh an plean seo ar fáil do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí dhaltáí na scoile agus do chigirí chomh maith.

Aguisín 5

Liosta Cluichí Teanga:

- Naoinán - Cluiche Kim
Cad atá sá mhála?
Bingo
Deir Ó Grádaigh
- Rang I + II - Cén t-am é a Mhactíre?
Feicim le mo shúilín
Chuaigh mé go dtí an siopa agus
cheannaigh mé
- Rang III + IV - An Crochadóir
Tóirfhocail
Aimsigh na difríochtaí
Dánta, Amhráin & scéalta
- Rang V & VI - Fiche Ceist
Rabhlóga
Cé Mise?
Dánta, amhráin & scéalta
Cnuas-scéalta
Lean na teoracha
Logainmneacha an cheantáir

